Campa teifeach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi champa teifeach sa Fhrainc atá á bhaint as a chéile. Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. *refugees* _____
2. *seven thousand refugees* _____
3. *in wretched conditions* _____
4. *the queues* _____
5. *their details* _____
6. *at hand* _____
7. *asylum* _____
8. *relative* _____
9. *tear gas* _____
10. *on duty* _____
11. *machinery* _____
12. *tension* _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén t-ainm a thugtar ar an gcampa teifeach in Calais? Cén fáth a dtugtar an t-ainm sin air, dar leat?
2. Cé mhéad teifeach atá ag fanacht sa champa faoi láthair agus cá bhfuil siad le dul anois?
3. Cé mhéad páiste gan teaghlach atá sa champa agus cá mbeidh siad ag dul?
4. Déan cur síos ar an achrann a tharla thar oíche.
5. Cén fáth a dtabharfar isteach innealra sa champa?
6. An é seo deireadh leis an teannas in Calais?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus aimsigh na samplaí ar fad a chloiseann tú den séimhiú tar éis an réamhfhocail ***ar***.

Ceist 4 '…*air*…', *'…rompu…'* agus *'…acu…'*

Cén ghné den ghramadach lena mbaineann na focail thuas?

Líon na bearnaí sa bhosca ar an gcéad leathanach eile anois.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bain.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
ar			air				
roimh							rompu
ag							acu

Ceist 5 '…seacht míle ***duine***…'

Aistrigh na frásaí seo go Gaeilge:

- thousands of children
- 50 women
- 600 men
- crowds of people

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad is cúis leis an líon mór teifeach atá againn san Eoraip faoi láthair?
2. Cén fáth nár mhian le rialtais áirithe teifigh a ligean isteach ina dtíortha?
3. Cad is féidir le hÉirinn a dhéanamh chun cuidiú le géarchéim na dteifeach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	*refugees*	teifigh
2.	*seven thousand refugees*	seacht míle teifeach
3.	*in wretched conditions*	i gcoinníollacha suaracha
4.	*the queues*	na scuainí
5.	*their details*	a gcuid sonraí
6.	*at hand*	ar lámh
7.	*asylum*	tearmann
8.	*relative*	duine muinteartha
9.	*tear gas*	deorghás
10.	*on duty*	ar dualgas
11.	*machinery*	innealra
12.	*tension*	teannas

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

- ar bhusanna
- ar thaobh
- ar thearmann
- ar chúrsaí

Ceist 4

Is forainmneacha réamhfhoclacha iad.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bain.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
ar	orm	ort	air	uirthi	orainn	oraibh	orthu
roimh	romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
ag	agam	agat	aige	aici	againn	agaibh	acu

Ceist 5

thousands of children – na mílte páiste[1]
50 women – caoga bean
600 men – sé chéad fear
crowds of people – sluaite daoine

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

[1] *Na céadta páistí* a bheadh ann de réir Chaighdeán Oifigiúil 2016, ach níl an chomhairle sin ag teacht le dúchas na teanga ná leis na príomhghraiméir.

Máire T. Ní Mhadaoin

Sa bhFrainc[2] tugadh na mílte chun bealaigh ar bhusanna maidin inniu ón gcampa teifeach in Calais a dtugtar an *Jungle* air. Tá an campa, nach raibh ach caite le chéile, le baint as a chéile ar fad anois, agus tá an seacht míle duine atá ina gcónaí ann le tabhairt chun campaí teifeach eile ar fud na Fraince.

Níl a fhios ag cuid de na teifigh cén sórt saoil atá rompu ach mura bhfuil a fhios féin, deir cuid acu go mb'fhearr leo codladh ar thaobh na sráide ná fanacht sa gcampa[3] a dtugtar[4] an *Jungle* air – campa atá caite le chéile in aice le Calafort Calais, campa a bhfuil[5] os cionn seacht míle teifeach ag maireachtáil ann i gcoinníollacha suaracha le bliain go leith.

Ó mhoch maidine a thosaigh na scuainí, agus ina nduine agus ina nduine, thug siad a gcuid sonraí do na hÚdaráis. Bhí na céadta bus[6] ar lámh le hiad a thabhairt chun campaí teifeach ar fud na Fraince agus tabharfar deis dóibh iarratas a dhéanamh ar thearmann. Tá suas le míle gasúr atá leo féin, gan aon duine muinteartha, le cur go dtí an Bhreatain.

Thar oíche tharla roinnt achrainn idir cuid de na teifigh agus na húdaráis. Dódh amach leithris agus caitheadh clocha leis na póilíní. Scaoileadar[7] siúd deorghás ar ais. Meastar go dtógfaidh sé trí lá ar a laghad na teifigh uilig[8] a thabhairt chun bealaigh agus beidh cuimse póilíní ar dualgas le súil a choinneáil ar chúrsaí. Ansin bainfear an campa uilig[9] as a chéile agus tabharfar isteach innealra le botháin bheaga a leagan agus an áit a ghlanadh. Tá na húdaráis ag súil gurb in deireadh leis an teannas i gceantar Calais ach cá bhfios nach bhfuil ann ach á chur ó dhoras.

[2] Córas Chonnacht
[3] Córas Chonnacht
[4] *ar a dtugtar an Jungle air* a deirtear
[5] *campa ina bhfuil os cionn seacht míle teifeach ag maireachtáil* ann a deirtear
[6] *na céadta busanna* a bheadh ann de réir Chaighdeán Oifigiúil 2016, ach níl an leagan sin ag teacht le dúchas na teanga ná leis na príomhghraiméir.
[7] *Scaoil siad* an leagan caighdeánach
[8] *uile* an leagan caighdeánach
[9] *uile* an leagan caighdeánach